C/2025/4223

30.7.2025

**Achoimre ar an gCinneadh ón gCoimisiún**

**an 23 Aibreán 2025**

**maidir le cinneadh de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 2022/1925**

**(Case DMA.100044 — Meta – online intermediation services – marketplace)**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 2547)*

**(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)**

(C/2025/4223)

*An 23 Aibreán 2025, ghlac an Coimisiún cinneadh de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2022/1925 ([1]). I gcomhréir le forálacha Airteagal 44 de Rialachán (AE) 2022/1925, foilsíonn an Coimisiún leis seo ainmneacha na bpáirtithe agus príomhábhar an chinnidh, ag féachaint do leas dlisteanach na ngnóthas i leith a rúin ghnó a chosaint.*

## 1. RÉAMHRÁ

(1) Leis an gcinneadh seo ('an Cinneadh') leasaítear Cinneadh C(2023) 6105 final ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2023 ('Cinneadh Ainmniúcháin Meta') agus baintear Marketplace den liosta de chroísheirbhísí ardáin ainmnithe faoi Airteagal 3(9) de Rialachán (AE) 2022/1925. Tá sé léirithe ag Meta nach bhfuil líon mór úsáideoirí gnó á óstáil ag Marketplace a thuilleadh, agus dá bhrí sin nach tairseach thábhachtach é a thuilleadh lena nasctar gnólachtaí agus úsáideoirí deiridh.

## 2. NÓS IMEACHTA

(2) An 5 Márta 2024, chuir Meta 'Iarraidh ar Athbhreithniú' isteach, bunaithe ar Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/1925.

(3) San Iarraidh ar Athbhreithniú ó Meta, d'áitigh sé, ar an gcéad dul síos, go bhfuil bearta breise tábhachtacha curtha chun feidhme aige chun úsáid Marketplace idir tomhaltóirí ('C2C') a chosaint agus chun úsáideoirí gnó a bhaint de Marketplace. Ar an dara dul síos, chuir Meta fianaise eacnamaíoch nua ar fáil a léiríonn, de réir Meta, nach 'tairseach thábhachtach' é Marketplace do ghnólachtaí chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh.

(4) Idir mí Aibreáin 2024 agus mí Eanáir 2025, sheol an Coimisiún trí iarraidh ar fhaisnéis chuig Meta chun tuilleadh sonraí a fháil faoi na hathruithe a cuireadh chun feidhme ar Marketplace agus faoin tionchar a bhí ag na hathruithe sin ar líon úsáideoirí gnó Marketplace.

## 3. CREAT DLÍTHIÚIL

(5) Le Rialachán (AE) 2022/1925 bunaítear tacar critéar oibiachtúil atá sainithe go cúng chun ardán mór ar líne a cháiliú mar gheatóir. Tá ainmniú le déanamh i ndáil le ceann amháin nó níos mó de na croísheirbhísí ardáin arna soláthar ag an ngnóthas ar tairseach thábhachtach iad d'úsáideoirí gnó chun rochtain a fháil ar úsáideoirí deiridh de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (b) de Rialachán (AE) 2022/1925.

(6) De bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2022/1925, féadfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin nó ar a thionscnamh féin, cinneadh ainmniúcháin a athbhreithniú, a leasú nó a aisghairm tráth ar bith má tháinig athrú substaintiúil ar aon cheann de na fíorais ar a raibh an cinneadh ainmniúcháin bunaithe, nó má bhí an cinneadh ainmniúcháin bunaithe ar fhaisnéis neamhiomlán, mhícheart nó mhíthreorach. Ní bheidh leasú den sórt sin riachtanach ach amháin má thagann athrú ar an measúnú mar gheall ar an athrú ar na fíorais. Chuige sin, ní mór measúnú cás ar chás a dhéanamh ar na fíorais agus ar na himthosca.

([1]) Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (An Gníomh um Margaí Digiteacha) (IO L 265, 12.10.2022, lgh. 1).

## 4. **MEASÚNÚ AN CHOIMISIÚIN**

(7) I measc na mbeart breise a dhéanann Meta chun úsáid Marketplace idir tomhaltóirí ('C2C') a chosaint agus chun úsáideoirí gnó a bhaint de Marketplace, áirítear idir chritéir chainníochtúla agus cháilíochtúla a úsáideann Meta go gníomhach chun úsáideoirí a bhaint. Déanann Meta [faireachán agus fíorú rialta] ar éifeachtacht a bheartais forfheidhmiúcháin freisin.

(8) Ina theannta sin, tá sé níos soiléire ag Meta i bpróiseas cruthaithe na liostuithe táirgí nár cheart Marketplace a úsáid chun críoch gnó, agus bhain sé teanga dhébhríoch a d'fhéadfadh a thabhairt le fios gur féidir le húsáideoirí gnó liostuithe a dhéanamh ar Marketplace trína bpróifíl phearsanta.

(9) Cé go bhféadfadh roinnt úsáideoirí gnó a bheith fós in ann táirgí a liostú ar Marketplace d'ainneoin bhearta forfheidhmiúcháin breise agus fhaireachán breise Meta, léiríonn sonraí arna soláthar ag Meta go raibh níos lú ná 10 000 úsáideoir gnó gníomhach in aghaidh na bliana ar Marketplace le linn 2024.

(10) Dá bhrí sin, léirigh Meta athrú ar na fíorais a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le hathrú ar an measúnú sa Chinneadh Ainmniúcháin, rud a thabharfadh údar le Marketplace a bhaint de liosta na gcroísheirbhísí ardáin arna soláthar ag Meta.

(11) Tá an méid thuas gan dochar don fhéidearthacht go bhféadfaidh an Coimisiún an Cinneadh sin a athbhreithniú nó a leasú, de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2022/1925, i gcás ina mbeadh aon athrú substaintiúil ar aon cheann de na fíorais ar a bhfuil sé bunaithe, nó má bhí an Cinneadh sin bunaithe ar fhaisnéis neamhiomlán, mhícheart nó mhíthreorach.

## 5. **CONCLÚID**

(12) Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, ní croísheirbhís ardáin a thuilleadh é Marketplace, seirbhís idirghabhála ar líne Meta, a chomhlíonann an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 3(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2022/1925 ón 23 Aibreán 2025 ar aghaidh.

(13) Aisghairtear Airteagal 2(f) de Chinneadh Ainmniúcháin Meta chun an chonclúid sin a léiriú.